An Dara Lá Déag /
An Fear Déirce

Gregor Lozar

focaileile

drugebesede

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union

An Dara Lá Déag
Gregor Lozar

Seanchailleach shuarach ab ea í. Bhíodh sí greamaithe den bhalcóin lá i ndiaidh lae, ag sceitheadh ansin le tuismitheoirí faoi cé a chonaic sí ag caitheamh toitíní agus cé a tháinig abhaile ródhéanach ón scoil. Agus dá dtiocfadh sé sa saol gur scaoil éinne a pheil tríd an aer de thaisme thar ráille a balcóin – áit a bhfásadh sí tobac, trátaí agus fataí – agus gur rugadh san éacht air, d'fhágadh sin ní hamháin go raibh air slán a chur leis an bpeil, ach breathnú uirthise á gearradh ina liobair chomh maith.

Ach bhí garmhac léi ar dhuine de na dailtíní ba dhiabhalta sa cheantar. Ní hamháin go mbíodh sé ag caitheamh ó bhí sé i rang a trí, ach bhí sé amuigh air go mbíodh buidéal ola faoin suíochán ar a mhóipéid dhearg agus é líonta i gcónaí le schnapps. Bhí sé ina luaidreán, go fiú, gur stiall sé na boinn ar charr póilíní mar gur coinníodh thar oíche é uair amháin. Chreid muid féin go léir, áfach, go ndeachthas thar fóir leis an scéal seo – mar, cén sórt póilín a bhacfadh le déileáil le hógánaigh chomharsanachta nuair atá an saol lán le coirpigh chearta théagartha – ach fós féin níor bhoc é Boki a leomhfá goimh a chur air.

Lá amháin go luath i ndiaidh don tseanchailleach bunpheil Pekec ó chraobh an domhain a ghearradh ina ribíní, bhí Boki san ionad súgartha i measc na n-ógánach eile. Bhí sé cúig bliana go maith níos sine ná muid, é ag caitheamh mar ba ghnách leis:

'Bhuel, a chairde, céard a thabharfadh sibh dom dá bhfaighinn réidh leis an tseanchailleach?'

'Níl a fhios ... céard é a theastaíonn uait?'

'Uair sa mhí tabhair dom ceann de bhur suimeanna seachtainiúla airgead póca, agus ní chuirfidh sí isteach oraibh riamh arís ná go brách.'

'Agus cén chaoi a gcuirfidh tú é seo i gcrích?'

'Anois, sin m'fhadhbsa. Fadhb s'agaibhse ná peileanna agus trátaí!'

'Is fíor sin.'

'Tá sé ina mhargadh, más ea?'

'Bíodh ina mhargadh!'

'Tugann gach duine agaibh airgead póca seachtaine domsa uair in aghaidh na míosa le fáil réidh léi. An bhfuil muid ar fad ar bord?'

'Tá muid!' arsa muide agus chroith muid lámha leis. Mar fhinnéithe bhí Frenki, cara Boki, agus Primož, ón ionad súgartha taobh leis an gceann seo againne, a bhí ar a bhealach ar ais ón siopa.

An lá dar gcionn, thit an tseanchailleach anuas an staighre. Bhí mála fataí ar iompar síos go dtí an siléar aici nuair a baineadh tuisle aisti. Thit sí agus gortaíodh chomh dona sin í gur i gcathaoir rothaí a bhí sí ón lá sin amach.

Ó tharla nach raibh sise in ann aire a thabhairt di féin, agus go raibh Boki míshona sa bhaile, shocraigh siad go raibh Boki le maireachtaíl i dteach a mhamó uaidh sin amach. Bhí sé ina luaidreán freisin go bhfaigheadh seisean a hárasán tar éis a báis.

Ní raibh Boki críochnaithe leis an mbogadh isteach nuair a casadh orainn arís é agus é ag caitheamh ar an mbinse. Ar ndóigh, rith muid chuige le fáil amach céard a tharla. D'fhág sé ag strambán muid tamall, agus ansin d'fhiafraigh sé:

'An bhfuil a fhios ag éinne agaibh céard atá i gceist le dúshlán duine a thabhairt?'

'Ciallaíonn dúshlán duine a thabhairt seanmhamó a bhrú anuas an staighre agus ansin a fhiafraí di cá bhfuil an deifir! – ar a laghad bhí an freagra ar eolas ag duine amháin againn.

Sméid Boki a chloigeann agus bhain smeach as a thoitín. Ansin thaispeáin sé dúinn a ghuthán áit a raibh grianghraf dá mhamó ina luí i suíomh mínádúrtha sa siléar taobh leis an staighre, agus fataí scaipthe mórthimpeall uirthi.

'Aisteach go leor, níl a fhios agam fós cá raibh an deifir.'

Dúirt sé freisin go bhfuil súil aige an t-airgead a fheiceáil an Luan dar gcionn ag deireadh na míosa, agus nár chóir dúinn a ligean i ndearmad go bhfuil a fhios ag Boki cé mhéad airgid póca a d'fhaigheadh gach duine againn. Ó, agus rud eile. Dá leomhadh éinne a intinn a athrú agus gan íoc, nó glaoch ar na póilíní go fiú, níor chóir dúinn a dhearmad gur aontaigh muid é a íoc le fáil réidh le Pehta, agus go bhfuil beirt fhinnéithe súl aige leis sin a dhearbhú. Mar seo a rinneadh urraí le buille teipthe dínn go léir.

Ní gá a rá gur cuireadh neart déistine in iúl i measc na mbuachaillí seo againne nuair a bhí muid asainn féin, agus thosaigh a lán ag fliuchadh a leapa arís na laethanta sin. Ach ar an Luan, thug muid go léir an t-airgead isteach agus féadaim a rá go mórálach nár sceith éinne ar éinne eile. Ní raibh tada ar eolas ag duine ar bith, tuismitheoirí, múinteoirí, na póilíní.

Bhog an saol ar aghaidh, go bunúsach, agus ba ghearr gur shocraigh rudaí síos sa normáltacht nua. De réir a chéile, chuaigh muid i dtaithí ar an airgead a bhailiú, agus bhí muid níos mó ar ár suaimhneas go fiú, agus níos fearr ag imirt peile. Ach, déanta na fírinne, b'annaimhe ar fad a d'imríodh muid í.

Anois is arís chloisfeá ráflaí, ó sheanmhná go hiondúil, nach raibh an tseanchailleach sásta lena cúramóir. Chuaigh na cogair i dtreis faoina cuid pleananna bogadh isteach i dteach altranais. Ba é Boki, ar ndóigh, a bheadh ag díol as an teach altranais – cé nach raibh aon airgead aige chuige – nó d'fhéadfadh sé an t-árasán a dhíol – cé nach raibh aon spéis aige sin a

dhéanamh.
Lá amháin ar a bhealach go dtí an siopa, chuala duine de na buachaillí eile Boki i mbun comhrá le cara leis, é a rá nach bhfuil aon fhaitíos air go mbaileoidh Pehta léi.

Má tá ógánaigh na comharsanachta ag iarraidh fáil réidh leat, céard a cheapann tú a tharlóidh duit sa teach altranais, a deireadh sé léi. Agus rud eile, ba chóir duit smaoineamh ar na toitíní má tá tú dáiríre faoi bhailiú leat. Ní bheidh cead agat caitheamh i dteach altranais, agus is mise atá ag ceannach na dtoitíní duit. Thóg sé a guthán, freisin, ar eagla na heagla, é ag maíomh go raibh sé róchostasach agus go bhféadfadh sí iasacht a fháil dá cheann seisean. Fiú nuair a bhualadh sí lena cairde le haghaidh caife, thograíodh seisean fanacht ar an láthair.

Ach rinne an tseanbhean iarracht éalú lá amháin. Is amhlaidh a bhí fear ag dul thar bráid faoina fuinneog agus d'éirigh léi a aird a tharraingt agus scéal a insint dó faoin gcaoi ar ghlasáil nia léi ina hárasán í de thaisme, agus go gcaithfeadh sí dul amach go práinneach ar cuairt chuig a deirfiúr thinn ar an taobh eile den bhaile mór. Tar éis méid áirithe áitimh, thoiligh an fear cneasta go nardódh sé tríd an bhfuinneog í agus go rachadh sé féin isteach san árasán lena cathaoir rothaí a fháil. Bhí sé sásta í a thiomáint go dtí an taobh eile den bhaile mór, go fiú. Ach an nóiméad sin féin is ea a d'fhill Boki agus a d'fhógair nach raibh aon fhadhb ann agus go nglacfadh seisean na cúraimí air féin ansin. Ghabh sé buíochas mór leis an strainséir, agus thug an tseanchailleach ar gheábh timpeall na cathrach sa charr, thar stáisiún na bpóilíní agus an teach altranais, thar theach a deirféar agus ar ais abhaile arís, áit ar bhuail sé cith buillí uirthi go dtí déanach san oíche, de réir thuairiscí na gcomharsan.

Dhá lá ina dhiaidh sin, bhí sé suite ar an mbinse arís agus gal á caitheamh aige. Bhí sé seo aisteach mar nach raibh sé in aon ghar do dheireadh na míosa. Bhuail duine againn anonn chuige féachaint cén chaoi a raibh cúrsaí aige, ach theastaigh uaidh labhairt leis an mbuíon ar fad. Bhí tairiscint aige dúinn: mhaithfeadh sé an cheathrú cuid dár bhfiach do chuile dhuine againn ach a dtoileodh muid teacht chun cóisire ina áit siúd uair sa bhliain. Ach is sna mionsonraí a bhíonn an donas, ar ndóigh; bhí an chóisir le bheith ann ar an dara lá déag, i.e., an lá céanna den mhí a raibh fuadar chomh mór sin ar an tseanbhean dul go dtí an siléar. De bhrí gurbh fhear é Boki ar dheacair diúltú dó – is amhlaidh a ghlacfadh sé leis sin mar chomhartha easurraime – thoiligh muid, agus d'fhéach le sólás éigin a fháil sa mhéid is go sábhálfadh muid roinnt airgid ar a laghad.

Seo mar a chuaigh cúrsaí ag an gcóisir. Tháinig muid le chéile tigh Boki san iarnóin ar an aonú lá déag d'Iúil. Mar thús, d'eagraigh muid comórtas reatha

ar na staighrí. Ón urlár ab airde síos go dtí an siléir.
Léim muid trí fhormhór na staighrí ocht gcéim: a dó, a dó, a ceathair; nó a dó, a trí, a trí. Ní raibh ach sé chéim le léim tharstu sa rith deiridh staighre roimh an siléir. Bhí an tseanchailleach ina suí ag an gcríoch, ag coinneáil ama orainn. Agus leis na blianta seo go léir, ní raibh sé d'ádh uirthi duine ar bith againn a fheiceáil ag leonadh a rúitín.

Níos déanaí, sa tráthnóna, bhácáil muid fataí i sorn adhmaid – is ea, go deimhin, bhí ceann de na gairis ársa sin fós ag an tseanchailleach – agus rinne muid sailéad trátaí, fad a bhí todóga móra á gcaitheamh ag Boki.

Lena linn seo, bhí muid ag caint agus ag insint scéalta grinn, go hiondúil faoi na bobanna a bhuail muid ar an tseanchailleach agus a shuaraí a bhíodh sí linn. Buaicphointe an tráthnóna ná, ar ndóigh, scéal Boki faoi Pehta ag titim i ndiaidh a mullaigh anuas an staighre, faoin dreach aisteach ar a héadan, agus faoi fhata amháin á bualadh go díreach i gclár a héadain, rud a thug ar Boki gáire go croíúil agus dearmad iomlán a dhéanamh ar a *cá bhfuil an deifir*.

Shuigh an tseanchailleach linn, ar ndóigh, agus bhí de neart inti roinnt fatai a ithe, go fiú! Ní raibh sé seo míchompordach ach ag an tús, áfach. Ina dhiaidh sin, ní hamháin go ndeachaigh muid i dtaithí air, ach bhain muid sásamh éigin as an díoltas as na peileanna stiallta go léir. Siléir nó siléir anois, ba thútach an caillichín í, rud a ndeachaigh muid amach níos mó agus níos mó air le gach scéal nua.

Ach an chuid ab fhearr ab ea an mhaidin dar gcionn nuair a d'imir muid cluiche peile ina haitriam, agus an tseanchailleach faoi bhrú muid a spreagadh agus a ghríosadh. Nuair a bhí an chóisir thart, thug Boki isteach ball dá cuid poirceallán fíneálta – ghabh óráid leis seo – agus ansin rinne smidiríní de go sollúnta. Ina dhiaidh sin, d'imigh muid amach ar phicnic, agus chuaigh Boki isteach sa siléir le tincéireacht lena mhóipéid.

Tá slánú le fáil i ngach scéal, ach amháin an ceann seo. Tá ceathracha a ceathair bliain slánaithe ag Boki agus ní raibh air lá oibre a dhéanamh lena bheo. Maireann sé ar na blianachtaí substaintiúla a íocann 'cairde' a óige, ar fir ghnó rathúla cuid mhaith acu faoi seo. Beidh ár gcúigiú comóradh is fiche as a chéile á cheiliúradh againn i gceann seachtaine nach mór, agus níor leonadh rúitíní ar bith go dtí seo. Agus maidir leis an tseanchailleach, ní raibh sé de charthanacht i nDia bás sciobtha a dheonú di. Slánóidh sí ochtó a sé i mbliana, agus tá sí fós ar a ciall. Creideann a lán gur comhartha é seo go raibh ár ngníomhartha cóir.

An Fear Déirce
Gregor Lozar

1.

Shiúil tú i bhfochair do mhic i measc na seilfeanna leabhar,
áit a mbínnse ag cur ealaín abhaile ar dhaoine na laethanta sin
agus d'iarr tú iasacht mo ghutháin,
mar gur theastaigh uait glao gasta a dhéanamh.
D'fhógair mé ort gan an siopa a fhágáil
agus bhreathnaigh go grinn agus go hamhrasach thú
de réir mar a d'oscail tú roghchláir aduaine ar ghléas aithnidiúil.
Bhí cuimhne agam ort ó na blianta roimhe sin, nuair a
rinne tú fáinneáil timpeall orm ar do rothar, fóin phóca athláimhe
agus toitíní Davidoff á dtairiscint agat dom.
Thóg mé thú in amhlachas an fhir a mhugáil mé
agus d'fhiafraigh go giorraisc arbh in tusa.
Streachail tú le haoibh a choinneáil ort
ach d'éirigh leat, bulaí fir, an aoibh a choinneáil
agus tú ag fiafraí díom an raibh mé lánchinnte gur tú a bhí ann i ndáiríre.
Theip orm i scrúdú agus nuair a chuir mé i do leith blianta ina dhiaidh
gur aistrigh tú airgead chugat féin go leictreonach ar ghuthán –
díreach cleas éigin nua le teachtaireachtaí agus cóid
a cuireadh chuig uathchóras guthán –
thit mé isteach sa ghaiste céanna den dara huair.
Chuir mé goid i do leith os comhair do mhic
agus dúirt go poiblí leat focáil leat.
D'imigh tú agus bhí mise ag smaoineamh go
mb'fhéidir gur oscail mé mo chlab arís róluath.

2.

Níor ghoid tú a dhath agus nuair a casadh orm thú
ar an tsráid an lá céanna sin, shiúil mé suas go dtí thú
agus ghabh mé leithscéal ó chroí leat. Bhí tú
sách maslaithe, ach thug tú na haenna leat ar chuma éigin.
Ba ghránna an ní é mar a bhíonn a leithéidí, thit tú isteach i scéal,
gan cháim gan mhilleán.
Ach tharla sé, tuairim is bliain ó shin, ar mo bhealach abhaile
ó chailín a raibh neart argóna déanta agam léi,
gur stop fear óg ar rothar mé
agus d'iarr iasacht mo ghutháin orm.
Bhraith mé míshocair ach thug dó é ar aon chaoi
agus nuair nach raibh ag éirí leis éinne a shroichint bheartaigh sé
gur thaitin an gléas leis agus go raibh sé ag dul á choinneáil.
Bhraith mé gurbh é an t-aon bhealach
leis an mbosca beag a fháil ar ais ná é a throid,
ach d'airigh mé dá mbuailfinn é,
go nochtfadh buíon bráithre as ball éigin
agus go gcnagfaidís i dteannta a chéile mo mhagairlí.
Ina áit sin, thug mé dó an guthán agus d'imigh mé,
ach chuir sé chun mo dhíchill mé gan a rá: A Focain Giofóg!
Giofóg bhradach, is mar a chéile iad go léir
agus nuair a tháinig tú go haoibhiúil ar do rothar,
ag iarraidh fón póca a dhíol liom,
an nóiméad sin, tharla gur thusa an ghiofóg sin!

3.

Le teann ciontachta thug mé deich euro duit
an tráth sin agus mé ag iompú i mo chiníoch,
eagla orm roimhe agus déistin orm liom féin,
rinneadh díot ar chuma éigin m'fhear déirce pearsanta féin.
Ba mhinic a dtagtá timpeall agus i gcónaí shuiteá tamall,
agus le himeacht ama, chuir mé le chéile do scéal,
faoin titimeas a chráigh thú ar scoil i gcaitheamh na mblianta,
áit ar thug múinteoirí pas duit, b'fhéidir,
le fadhbanna gan ghá a sheachaint,
tharla gur dócha gur chaill tú níos mó ranganna ná mar a bhí tú i láthair acu;
faoin méid gur thug an náire ort a chinneadh, b'fhéidir,
nach eol duit le léamh ná le scríobh –
ó, na huaireanta aoibhne a chaith muid
i measc na gcarn leabhar athláimhe –
agus go siúlfaidh tú an domhan i d'fhear neamhliteartha;
faoin mbean chéile a casadh ort, b'fhéidir,
gan ach lá nó dhó roimh an mbainis, gan aon eolas aicisean
ar do thinneas; agus faoi na páistí a saolaíodh duit
nuair a bhí tú dhá bhliain déag
ar mhinic nach bhféadfaí clúidíní ná cógais a cheannach dóibh;
faoin gcaoi ar chinn tú i bpríosún duit
saol macánta a leanúint, achar á chur idir tú féin agus do theaghlach,
agus faoi do theacht ar Dhia, rud a spreag fonóid na gcomharsan;
faoin ochtó fón póca a goideadh as d'íoslach, a d'fhág
go raibh ort do bheannacht a scaoileadh le do ghnó;
faoin gcás lán páipéar lena ndéantá do bhealach
idir oifigí a bhí ag gearradh leictreachais nár íoc tú as,
do do chaitheamh amach as d'aonad tithíocht shóisialta
agus a theagasc duit gur cúnamh don ocras
dul a chodladh go luath;
faoi do mhac ar bheartaigh tú
nach bpósfaidh sé
ach an ardscoil a chríochnú ar dtús,
agus faoi go leor rudaí, gan amhras,
ar lig mé i ndearmad iad a lua, ach atá tábhachtach
i mo shamhail de shaol duine Romaigh,
nach maith leis, ní hionann agus Halgato,
go dtabharfadh éinne giofóg air.

4.

Bhíteá ag tabhairt cuiridh dom teacht ar cuairt chugat le fada an lá
agus ainneoin an nóis a bhí againn bronntanais Nollag a thabhairt dá chéile
bhí mé ag iarraidh é seo a sheachaint ar chuma éigin.
Is amhlaidh is fearr liom go ginearálta bualadh le daoine
lasmuigh – ar láthair neodrach – ach bhí
faitíos orm chomh maith roimh bholadh bia iasachta
agus an bhraistint go bhféadfadh an t-árasán a bheith salach.
Tráthnóna amháin tháinig muid le chéile
le freastal ar cheolchoirm le Esma Redžepova i Štuk,
áit ar inis tú do do chairde go mba
bhleachtaire mé agus gunna á chaitheamh faoi mo chóta agam,
agus ar bhain tú siar asam agus an bhanríon a thabhairt ar Esma
gan blas íoróine
agus ar labhair tú go lándáiríre faoi na gúnaí
ar luach na mílte euro a chaitheadh sí, faoin
teach mór i Skopje agus na páistí a uchtaíonn sí
agus a ndéantar baill dá banna ceoil díobh ansin.
Ghabh blas beag seirfin leis an ainm banríon
agus chuala mé den chéad uair ar an mbealach ar ais
go dtagraíonn tú don ghrúpa tithe agus bloc árasán in Studenci
mar an t-ionad. Tá teach do sheanathar ansin chomh maith,
an iomarca páistí, a dúirt tú, agus iad i mbun diabhlaíochta,
rud a bhí tú féin ag iarraidh a sheachaint ar feadh do shaoil ar fad,
agus an t-árasán ar caitheadh tú féin amach as i gcóngar.
Nuair a bhog tú, áfach, ní fhéadfainn é a chur siar níos mó,
agus nuair a chuaigh mé ar cuairt chonaic mé cé chomh salach
is a bhí m'áit féin.

5.

Lá amháin tá muid ag ól caife agus mé ag smaoineamh,
dúradh liom faoi anam na ngiofóg:
faoi pháistí a théann anonn go dtí a n-athair, ag iarraidh air éadaí nua
a cheannach dóibh, mar go dteastaíonn uathu dul ar chóisir.
Cheannóinn éadaí nua daoibh, a chlann, ach níl aon airgead agam.
Agus iad ábhairín níos sine, iarrann siad arís roinnt airgid
le carr a cheannach, le cuid den saol a fheiceáil,
cheannóinn carr daoibh, a chlann, ach níl aon airgead ann,
agus iad beagnach fásta anois, iarrann siad airgead ar a n-athair
le hárasán a cheannach dá mbean chéile agus dá bpáistí,
agus arís, cheannódh an t-athair é, ach níl an t-airgead ann.
Blianta ina dhiaidh sin, tá an t-athair ag fáil bháis agus cruinníonn an chlann
thart ar a leaba, mar a labhraíonn sé leo:
bhí oiread grá agam daoibh, a chlann,
cheannóinn éadaí, carrranna agus tithe
agus leath an domhain le dul leo sin, ach céard is féidir a dhéanamh,
tá an saol crua agus ní raibh aon airgead ann.
Ón uair a thug sibh faoi deara go mbainfinn diom
mo stocaí daoibh as mo bhróga, stop sibh de bheith ag cur brú orm.
Mura bhfuil aon airgead ann, is amhlaidh nach bhfuil aon airgead ann.
Ní fear déirce tú níos mó, rinne muid cairdeas tamall fada ó shin
agus cé bhfuil faillí déanta agam i bhformhór mo shnaidhmeanna cairdis,
is i do shúilese amháin a fheicim brón dá bharr seo.
Agus ní hionann agus ag an tús, tá brón orm faoi sin sa deireadh.